

# Tóraíocht Ghréasáin 1

## Féile Pobail

### Intreoir

Is í aidhm na tóraíochta gréasáin seo ná cás gnó a chur le chéile le haghaidh féile seachtaine i gCathair Bhéal Feirste a gcuirfidh an pobal áitiúil agus cuairteoirí idirnáisiúnta spéis ann.

Tá neart samplaí ann cheana féin d'fhéilte a mheallann na sluaite m.sh Rásaí na Long Ard agus Margaí na Nollag, beidh oraibh teacht aníos le smaoineamh nua a bheas réadúil agus indéanta go teoiriciúil.

### An Tasc

Mar thoradh ar tasc seo cruthóidh sibh téacs gairid (c.500 focal) a mhíneoidh:

- cuspóirí na féile
- na fáthanna a n-éireoidh léi
- na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh cur isteach ar rath na féile

### An Próiséas

Ní mór smaoineamh ar réimse láithreán gréasáin a cheadú chun chuidiú libh na fachtóirí éagsúla a chuirfidh le rath na féile a mheas. Tar éis plé a dhéanamh ar na láithreáin éagsúla ba chóir nótaí a bhreacadh síos a chuideoidh libh an cás a chur le chéile. Tiocfaidh smaointe agus moltaí chun cinn de réir mar a théann an tóraíocht ar aghaidh, caithfear a bheith cúramach nach gcuirtear am amú ar phlé nach bhfuil fócasaithe nó dírithe ar phríomhchuspóir an tasc. Nuair atá an cás curtha le chéile, léifidh na grúpaí éagsúla sa rang a gcás amach agus tabharfaidh siad breithiúnas ar a chéile.

### Áiseanna

#### Cá mbeidh an fhéile lonnaithe?

Cuir i gcás go raibh an fhéile le bheith i mBéal Feirste, b'fhiú amharc ar láithreáin ghréasáin a bhaineann go sonrach leis an chathair, m.sh.

<http://www.belfastcity.gov.uk> (Belfast City Council)

<http://visit-belfast.com> (Visit Belfast)

#### Urraíocht?

Go minic braitheann rath féile ar urraitheoir mór, féach mar shampla <http://www.northwest200.org> (Northwest 200 urraithe ag Vauxhall)

Cé a bheadh maith mar urraitheoir d'fhéile s'agaibhse?

## **Margaíocht?**

Cad é mar a mheallfaidh sibh cuairteoirí áitiúla agus idirnáisiúnta chun na féile – féach ar na láithreáin ghréasáin seo agus aimsigh samplaí eile.

<http://tallshipsbelfast.com>

<http://www.oktoberfest.de>

## **Luacháil**

Nuair atá an cás gnó scríofa ag gach grúpa cuirfidh siad i láthair iad go hoscailte. Éistfidh gach grúpa lena chéile agus ansin déanfar plé oscailte ar na buanna agus na laigí a bhaineann le gach cás. Ar ndóigh, cuirfear san áireamh sa luacháil an dua a caitheadh le hanailís fhiúntach a dhéanamh ar na láithreáin éagsúla a ceadaíodh.

## **Conclúid**

Tar éis na luachála déanfar suimiú ar an dea-chleachtas a tháinig chun cinn le linn an phróisis agus déanfar machnamh ar an tslí ar chomhoibrigh na foirne a rinne obair éifeachtach le chéile. Déanfar plé fosta ar na daoine a oibríonn ar a leithéid de thionscadal ó cheann ceann na bliana agus ar na scileanna gairmiúla a bhíonn acu.